



MRB2: Nóta Cláir

Ullmhúchán

...Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Ich.17-18

Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na trí shnáithe staidéir: Eolas gnásúil, Nuáil agus samhlaigh agus Cultúr agus comhthéacs, chun tabhairt faoin Nóta Cláir a chur i gcrích. Mar chuid de theagasc, d'fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama do Cheol, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna taighde a fhorbairt, chomh maith le deiseanna chun a obair féin, agus obair a chomhscoláirí, a phlé.

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an stíl cheoil a roghnófar agus ar an meán ina gcuirfear an obair i láthair. Seo cúpla ceann a d'fhéadfadh a bheith anábhartha:

| Eolas Gnásúil | Nuáil agus Samhlaigh | Cultúr agus Comhthéacs |
|--|---|--|
| <p>1.10 plé a dhéanamh ar shaintréithe agus ar ghnéithe sainithe stíleanna codarsnacha ceoil a léirítear sa scoil nó sa phobal áitiúil</p> <p>1.11 struchtúr píosa ceoil a léiriú trí léiriúchán fisiceach nó amhairc</p> <p>1.13 comparáid a dhéanamh idir léirmhínte nó cóirithe difriúla ar pháosaí ceoil thraidisiúnta nó ceol tíre na hÉireann, agus aird á tabhairt ar ghnéithe ceoil agus ar thionchair eile</p> <p>1.14 comparáid a dhéanamh idir páosaí ceoil atá comhchosúil de réir ré agus stíle le cumadóirí éagsúla ó thíortha éagsúla</p> | <p>2.4 amhrán nó píosa gairide uirlise a chleachtadh agus a chur i láthair; na scileanna agus na teicnící ba ghá chun an ceol a léirmhíniú go héifeachtúil a shainaithint agus a phlé</p> <p>2.5 píosa ceoil a ullmhú agus a chleachtadh do ensemble a dhíríonn ar chomhoibriú agus éisteacht do chothromú agus do thuin chainte; an léirmhíniú a bheachtú trí bhreathnú ar ghnéithe amhail soiléireacht, líofacht, éifeacht agus stíl</p> <p>2.10 sraith critéar a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar thaibhiú beo nó taifeadta; úsáid a bhaint as na critéir sin chun athbhreithniú domhain a dhéanamh ar thaibhiú</p> | <p>3.2 scrúdú agus léirmhíniú a dhéanamh ar thionchar an cheoil ar léiriú na gcarachtar, a gcaidreamh agus a mothúchán, de réir mar a iniúchtar é i gceol uirlise ó sheánraí éagsúla</p> <p>3.7 páosaí le beirt chumadóirí nó chumadóirí amhrán Éireannacha nó níos mó a chur i gcomparáid lena chéile; úsáid a bhaint as éisteacht, léamh cúlra, agus scóir (nuair is cuí) agus míniú a thabhairt agus cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí sna saothair chumtha</p> |

Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.